

# Coinníoll Gnáthchónaithe

## Cad é an coinníoll gnáthchónaithe?

Is éard atá sa choinníoll gnáthchónaithe in Éirinn ná coinníoll nach mór duit a chomhlíonadh i dtaca le íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe agus i dtaca leis an Sochar Linbh. Tháinig an coinníoll seo i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2004 agus baineann sé le gach iarratasóir is cuma faoina náisiúntacht.

## Cad a chiallaíonn ‘coinníoll gnáthchónaithe’?

Ciallaíonn coinníoll gnáthchónaithe go gcónaíonn tú in Éirinn agus go bhfuil dlúthnasc cruthaithe le hÉirinn agat. Má tá tú i do chónaí in Éirinn ón lá ar rugadh thú, ní móide go rachaidh sé deacair ort a thaispeáint go gcomhlíonann tú na tosca a chuireann an gnáthchónaí in iúl.

Is iad na tosca is tábhachtaí ó thaobh an nasc seo a chruthú ná:

- An ceart chun cónaí a chomhlíonadh;
- An fad ama atá caite agat i bPoblacht na hÉireann;
- Leanúnachas do chónaithe;
- Cineál ginearálta do chónaithe.

Is féidir le duine am a chaitheamh lasmuigh d’Éirinn le saoirí gearra, le staidéar nó le taisteal agus fós a bheith á mheas ina dhuine atá ina gnáthchónaí anseo.

## Cad iad na híocaíochtaí nach mór an coinníoll gnáthchónaithe a chomhlíonadh ina dtaobh?

Ní mór duit an coinníoll gnáthchónaithe a chomhlíonadh i dtaobh na n-íocaíochtaí seo:

- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
- Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach),
- Pinsean na nDall,
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach),
- Íocaíocht don Chaomhnóir (Neamh-Ranníocach),
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
- Liúntas Cúramóra,
- Liúntas Míchumais,
- Liúntas Leasa Forlíontach (seachas íocaíochtaí aonuaire i leith riachtanas práinneach eisceachtúil),
- Sochar Linbh,
- Liúntas Cúraim Bhaile agus
- An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair.

### Tabhair faoi deara

**Níl sa ghnáthchónaí ach coinníoll amháin de na híocaíochtaí seo. Ní mór duit coinníollacha eile a chomhlíonadh freisin chun íocaíocht a fháil.**

## Díolúintí ón gCoinníoll Gnáthchónaithe Sochair Theaghlaigh

I ndálaí áirithe gabhann forálacha dhlí an Aontais Eorpaigh (AE) treise ar an reachtaíocht náisiúnta. Cuir i gcás go gcáilíonn duine ag a bhfuil stádas mar oibrí imirceach an AE do shochar teaghlaigh fiú más féidir nach gcomhlíonann sé/sí an Coinníoll Gnáthchónaithe maidir le híocaíochtaí eile.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi éilimh ar Shochar Linbh, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Íocaíocht don Chaomhnóir (Neamh-Ranníocach), Liúntas Cúraim Bhaile agus An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair do náisiúnaigh an AE ar oibríthe imirceacha iad, ní mór féachaint do Rialacháin CE mar meastar na scéimeanna seo ina ‘sochair theaghlaigh’ i ndlí an AE agus tá siad iníoctha le duine a cháilíonn don stádas mar oibrí imirceach an AE.

## Íocaíochtaí um Buntáiste Sóisialta

Chun críocha aon éilimh ar Liúntas Leasa Forlíontach (LLF), meastar náisiúnach an AE atá gafa le fíorfhostaíocht éifeachtach in Éirinn ina oibrí imirceach faoi dhlí an AE agus ní gá dó/di an coinníoll gnáthchónaithe a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé seo gur féidir go mbeidh náisiúnaigh an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh (LEE), a bheidh fostaithe ó theacht go hÉirinn dóibh, i dteideal an LLF, fiú más féidir nach gcomhlíonfaidh siad an Coinníoll Gnáthchónaithe maidir le scéim eile faoi réir an choinníll.

Is iad na Sochair Theaghlaigh faoi dhlí an AE ná:

- Sochar Linbh
- Íocaíocht Aonteachlaigh Tuismitheora
- Íocaíocht don Chaomhnóir (Neamh-Ranníocach)
- Liúntas Cúraim Bhaile
- An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair.

Íocaíocht um Buntáiste Sóisialta faoi dhlí an AE:

- Liúntas Leasa Forlíontach (LLF)

Féach an Treoirlíne ar an gCoinníoll Gnáthchónaithe ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) chun a thuilleadh sonraí a fháil nó téigh go díreach chuig Caibidil 1 de na Treoirlínte ar an gCoinníoll Gnáthchónaithe:

<http://www.welfare.ie/en/Pages/Habitual-Residence-Condition--Guidelines-for-Deciding-Offic.aspx>

## Cad iad na tosca a bhreithnítear nuair a dhéantar cinneadh faoi chomhlíonadh an choinníll seo?

### Ceart chun Cónaí

Leagtar amach an Coinníoll um Cheart chun Cónaí in Alt 246(5) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 (mar a leasaíodh).

Forálann sé seo nach measfaí duine **nach bhfuil** an ceart aige nó aici chun cónaí i bPoblacht na hÉireann mar dhuine ar a bhfuil gnáthchónaí i bPoblacht na hÉireann.

### Cé aige a bhfuil an ceart chun cónaí?

Leagtar amach i bhFo-alt (6) liosta daoine a mheasfar ina ndaoine ag a mbeidh ceart chun cónaí.

Áirítear leo seo:

1. Tá ceart chun cónaí in Éirinn ag náisiúnaigh na hÉireann.
2. Thairis sin, tá ceart chun cónaí anseo faoin gComhaontú um Comhlimistéar Taistil ag náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe a thagann isteach ón gComhlimistéar Taistil.
3. Tá ceart chun cónaí ag náisiúnaigh an LEE a fhostaítear nó atá féinfhostaithe in Éirinn.
4. Neamhnáisiúnaigh an LEE ag a bhfuil cead cónaitheachta nó oibre chun cónaí agus obair go dlíthiúil sa Stát.

I gcoitinne, déanfar fianaise le cead cónaithe trí stampa cuí inimirce i bPas an duine, litir údarúcháin nó Deimhniú Clárúcháin arna eisiúint ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, is é sin cárta GNIB.

Féach an Treoirlíne ar an gCoinníoll Gnáthchónaithe ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) chun a thuilleadh sonraí a fháil nó téigh go díreach chuig Caibidil 5 de na Treoirlínte ar an gCoinníoll Gnáthchónaithe:

<http://www.welfare.ie/en/Pages/Habitual-Residence-Condition--Guidelines-for-Deciding-Offic.aspx>

### Príomhionad Sainleasa

Sonraíonn dlí na hÉireann agus na hEorpa na cúig thoisce seo a leanas lena mbreithniú nuair a chinntear cibé acu atá nó nach bhfuil gnáthchónaí ort:

- **Do phríomhionad sainleasa**, i bhfianaise fíricí mar:
  - cibé acu atá nó nach bhfuil baile cónaithe á shealbhú nó á léasú agat anseo,
  - an áit a gcónaíonn do dhlúthmhuintir,
  - cibé acu atá nó nach bhfuil tú i do bhall de chumainn shóisialta nó de chumainn ghairmiúla anseo, agus
  - aon fhianaise eile nó aon ghníomhaíocht eile a chuireann conaí socraithe in Éirinn in iúl.
- **Fad agus leanúnachas do chónaithe in Éirinn.**
- **Fad agus cuspóir aon asláithreachta ó Éirinn. Mar shampla, is ceadmhach duit am a chaitheamh ar shaoire ghairid, ag staidéar nó ag taisteal agus fós a bheith á mheas mar dhuine ar a bhfuil gnáthchónaí anseo.**
- **Cineál agus patrún d'fhostaíochta, más ann di.**

- **An rún atá agat ó thaobh a bheith i do chónaí amach anseo i bPoblacht na hÉireann mar a dhealraíonn sé ó na dálaí go léir.**

Breithneoidimid na cúig toisc ar chomhchéim le chéile nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh againn. Is ar fhírí do cháis a bhraitheann an fhianaise a úsáidimid i dtaca le gach toisc.

## Cad iad na cáipéisí is gá a chur ar fáil?

Má thagann tú go hÉirinn ón gcoigríoch agus má dhéanann tú iarratas ar aon cheann de na híocaíochtaí atá ar an liosta thuas, is féidir gur gá duit taifid phearsanta agus taifid fhostaíochta a thabhairt amhail:

- pas nó Cárta Náisiúnta Aitheantais;
- ráitis bhainc;
- sonraí d'íocaíochtaí sochair;
- billí fónais mar bhíllí maidir le leictreachas, gás, guthán, guthán soghluaiste nó leathanbhanda;
- comhaontuithe cíosa nó morgáiste; nó
- admhálacha ar tháillí údaráis áitiúil.

Má tá cead ar leith deonaithe duit fanacht in Éirinn (mar shampla trí stádas dídeanaí nó cead fanacht ar chúiseanna daonnúla, mar thuismitheoir linbh a rugadh in Éirinn nó faoi athaontú teaghlaigh), is gá duit freisin na nithe seo a chur ar fáil:

- litir oifigiúil ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun do stádas a dheimhniú, agus/nó
- cóip de do chead cónaitheachta (cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce).

### Tabhair faoi deara

**Tá tú freagrach as aon cháipéis atá iarrtha ag an Roinn seo chun tacú le d'iarratas a chur ar fáil.**

## Cé a dhéanann cinntí ar an ngnáthchónaí?

Má dhéanann tú iarratas chun na Roinne seo, déanann Oifig Bhreithiúnachta arna gceapadh de réir reachta, agus Daoine Sainithe arna gceapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, na cinntí.

## Cad a tharlaíonn más amhlaidh nach bhfuiltear sásta le cinneadh?

### Athbhreithniú

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh na Roinne seo, féadfaidh tú iarraidh ar Oifigeach Breithiúnachta nó ar Dhuine Sainithe athbhreithniú a dhéanamh air.

### Achomharc

Mura bhfuil tú sásta le hathbhreithniú an chinnidh, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh chuig an Oifig Neamhspleách Achomhairc Leasa Shóisialaigh. Más fearr leat, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh go díreach chuig an Oifig Neamhspleách Achomhairc Leasa Shóisialaigh gan athbhreithniú a lorg i dtosach.

Dá mbeadh aon fhíríc nua nó aon fhianaise bhreise agat, ba chóir duit iad seo a chur isteach le d'iarratas ar athbhreithniú an Oifig Bhreithiúnachta nó an Duine Shainithe.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## Cad iad na roghanna mura gcomhlíontar an coinníoll gnáthchónaithe?

Mura gcomhlíonann tú an coinníoll, féadfaidh tú cáiliú, faoi Scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh, d'íocaíocht chun freastal ar riachtanas eisceachtúil nó práinneach aonuaire. Cuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí na sonraí go léir de do dhálaí san áireamh sula ndéanfar cinneadh i dtaobh an ceart an íocaíocht seo a dhéanamh. Tabhair do d'aire nach móide go bhfaighidh tú airgead chun íoc as costais intuartha nó costais thráthrialta mar chíos. Is féidir leat a thuilleadh eolais ar an Liúntas Leasa Forlíontach a fháil ón oifig Intreo is gaire nó trí logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

Má tháinig tú go Poblacht na hÉireann ó cheann de na Ballstáit seo a leanas den Aontas Eorpach\*:

- An Bhulgáir
- An Ungáir
- An Pholainn
- An Chipir
- An Laitvia
- An Rómáin
- Poblacht na Seice
- An Liotuáin
- An tSlóvaic
- An Eastóin
- Málta
- An tSlóivéin

agus mura bhfuil aon tslí mhaireachtála agat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Duine Sainithe i d'Oifig Áitiúil Intreo.

- Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna **1890 66 22 44** nó má tá tú ag gaoch ó Iasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+353 71 91 93302**.
- Féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar d'lonad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, d'lonad áitiúil Intreo nó ar d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh.

\*Ba chóir do náisiúnaigh eile an AE teagmháil a dhéanamh lena n-ambasáid féin. Ba chóir do neamhnáisiúnaigh an LEE teagmháil a dhéanamh lena n-ambasáid nó leis na hoifigí thíos.

Is féidir go gcabhróidh Aonad na nIarrthóirí Tearmainn agus na bPobal Nua de chuid na Roinne seo nó Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais leat más mian leat filleadh ar do thír dhúchais.

### Tabhair faoi deara

**Más mian leat iarratas a dhéanamh ar an tseirbhís seo, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Duine Sainithe i d'Oifig Áitiúil Intreo.**

## Sochair Theaghlaigh agus náisiúnaigh an LEE

Aicmítear iad seo a leanas mar shochair theaghlaigh faoi dhlí na hEorpa,

- Sochar Linbh,
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
- Íocaíocht don Chaomhnóir (Neamh-Ranníocach),
- Liúntas Cúraim Bhaile, agus
- An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair.

Ní gá duit an coinníoll gnáthchónaithe a chomhlíonadh maidir le ceann de na híocaíochtaí seo:

- más náisiúnach na hEilvéise thú nó más náisiúnach tíre sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch thú\*,
- má tá tú fostaithe nó féinhostaithe, agus
- má íocann tú ÁSPC na hÉireann nó má fhaigheann tú Sochar Éireannach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

\*Tá an tríocha tír seo a leanas sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionnlain
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- An Iodáil
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
- An Rómáin
- Poblacht na Slóvaice
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe

## Liúntas Leasa Forlíontach

Más náisiúnach an LEE\* thú agus más féidir thú a mheas mar oibrí imirceach an AE, beidh tú i dteideal an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh faoi na coinníollacha céanna agus a bhaineann le náisiúnaigh na hÉireann. Chun go measfar mar oibrí imirceach an LEE thú, ní foláir nó go bhfuil tú nó go raibh tú i bhfíorfhostaíocht in Éirinn.

Má tá tú as obair, ní féidir thú a mheas mar oibrí imirceach an LEE ach má chomhlíonann tú coinníollacha eile, mar shampla a bheith cláraithe le hAonad Gníomhachtúcháin d'Oifige Áitiúla Intreo mar chuardaitheoir poist, a bheith ag glacadh páirte sa ghairmoiliúint nó gan a bheith in ann obair a dhéanamh de dheasca breoiteachta sealadaí. \* Féach liosta thíortha an LEE.

Chun a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil agus chun foirmeacha iarratais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) nó bain feidhm as **seirbhís na dteachtaireachtaí téacs**. Is féidir leat an fhoirm **HRC 1** a íoslódáil ó [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid 1890 (Íosghlao).**

**Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.**